



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council

I gcomhar le



Óifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

BYRNELOOBY

ARCADIS

Ráth Mealtain Scéim Faoisimh Tuilte



**Nuachtlitir
Meán Fómhair
2021**

SAN EAGRÁN SEO

Cuspóir an Tionscadail

An cuspóir atá le Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain ná an riosca a laghdú go mbeidh tuilte i Ráth Mealtain, trí scéim a sholáthar atá inghlactha ón taobh teicniúil, eacnamúil agus ó thaobh an chomhshaoil agus an phobail de.

Réamhrá don Tionscadal

Achoimre ar chúlra an tionscadail agus an dóigh ar tháinig muid a fhad leis seo.

Lch 2

Ceantar na Scéime

Imlíne ar Cheantar na Scéime do Ráth Mealtain

Lch 3

Comhairliúchán Poiblí

Eolas maidir leis an Imeacht Comhairliúchán Poiblí a bheas ar siúl ar Shuíomh Gréasáin an Tionscadail.

Lch 4

Réamhrá don Tionscadal

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall mar Údarás Ceannasach agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) ag cur Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain chun tosaigh.


Tá sé molta ag an OPW go ndéanfar forbairt ar Scéim Faoisimh Tuilte do Ráth Mealtain de thoradh na hoibre a rinneadh ar Staidéar Measúnaithe agus Bainistithe Riosca Tuilte an Iar-Thuaiscirt/Loch nEathach/na Banna (CFRAM).

Tá an Scéim Faoisimh Tuilte mar chuid den Chiste Náisiúnta €1bn do Scéimeanna Faoisimh Tuilte ar fud na tíre a d'fhógair an Rialtas i mBealtaine 2018. Tá Ráth Mealtain suite i gContae Dhún na nGall.

Choimisiúnaigh Comhairle Contae Dhún na nGall ByrneLooby i mBealtaine 2021, chun Scéim Faoisimh Tuilte a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Ráth Mealtain.



Sráid an Phóna, Ráth Mealtain le linn tuile mí Lúnasa 2014



Ceantar na Scéime

Tá Ceantar na Scéime leagtha amach thuas don Tionscadal, agus tá an Leannainn agus a cuid craobh-aibhneacha san áireamh ann. Áireofar sa Cheantar Staidéir aon cheantair a éileoidh measúnú hidreolaíochta nó timpeallachta mar chuid den scéim. Táthar ag déanamh go mbeidh Abhantrach na Leannainne a dhéanann draenáil isteach ar a laghad i gCeantar na Scéime san áireamh chomh maith le haibhneacha áitiúla.

Déanfar breithniú freisin ar bheartais lasmuigh de cheantar na scéime a dhéanann maolúchán tuilte don cheantar imlínithe.

Obair Thimpeallachta

Má táthar le scéim inrite a fhorbairt, beidh gá le measúnuithe mionsonraithe timpeallachta lena n-áirítear suirbhéanna bonnlíne ar an éiceolaíocht talaimh agus uisce, an oidhreacht seandálaíochta agus chultúrtha, an tírdhreach agus cáilíocht an uisce. Beidh tuarascáil constaicí ann dá bhun seo a chabhróidh le scéim inghlactha a fhorbairt. Leagfar amach sainaitheant agus bainistiú aon tionchair chomhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann i Ráiteas Tionchair Natura agus i dTuarascáil Mheasúnaithe Tionchar Timpeallachta.

Rannpháirtíocht leis an Phobal

Ar líne ag:

<https://www.floodinfo.ie/frs/en/ramelton/project-info/public-engagement/>

Dáta: 27 Meán Fómhair go 22 Deireadh Fómhair 2021

Cuspóir an imeachta seo ná aithne a chur ar fhoireann an tionscadail, an próiseas a bhreacadh maidir le soláthar na scéime agus eolas luachmhar a fháil ón phobal agus ó pháirtithe leasmhara. Beidh seo riachtanach le cuspóir an tionscadail a bhaint amach agus táimid ag iarraidh aon tuairimí tosaigh a bheadh ann faoin scéim seo nó faoi thuilte a bhí ann cheana.

Is féidir cruinnithe a eagrú chomh maith le haghaidh 13 Deireadh Fómhair 2020 idir 6in agus 8in ach sin a iarraidh trí choinne amháin. Cuir glaoch ar Aonad Scéimeanna Faoisimh Tuilte Chomhairle Contae Dhún na nGall ar 074 9153900 nó cuir r-phost chuig floodreliefschemes@donegalcoco.ie

Agus anois?

Sna míonna beaga romhainn, beidh Foireann an Tionscadail ag obair ar na nithe a leanas:

- ➔ **Bailiúchán sonraí**
- ➔ **Suirbhéanna timpeallachta agus hidriméadrachta** abhann a dhéanamh
- ➔ **Suirbhéanna ar an riocht ina bhfuil Cosaintí reatha**
- ➔ **Imeachta Teagmhála Pobail**
- ➔ **Hidreolaíocht – Anailís ar shonraí** abhann agus fearthainne, tuilte a bhí ann cheana san áireamh, atá le húsáid sa dearadh.
- ➔ **Mionsamhlú Hiodrálach ar Aibhneacha** chun tuilte a shamhlú agus feidhmíocht beartas maolúcháin tuilte a mheas



Bí i dTeagmháil Linn

Dá mba mhaith leat teagmháil a dhéanamh lenár bhFoireann Tionscadail faoi aon rud a bhaineann le Scéim Faoisimh Tuilte Ráth Mealtain, is féidir sin a dhéanamh leis na sonraí thíos:

Ríomhphost

RameltonFRS@ByrneLooby.com

Post

Bainisteoir Tionscadail Ramelton FRS
ByrneLooby
Foirgneamh 2100
Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí
Bóthar Chionn tSáile
Corcaigh

Fón

+353 (0) 21 240 7988

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin Scéim ar ár suíomh gréasáin:

www.floodinfo.ie/frs/en/ramelton/home/